



Buaiteoir a Ghnóthaigh
Ardmholadh, 2021-2022,
daltaí Rang 4 & Rang 5, Scoil
Náisiúnta Oilibhéar Pluincéad,
Baile Átha Cliath



Buaiteoir Iomlán 2021-2022, Matthew Yacob,
Scoil Náisiúnta Naomh Treasa, an Longfort'



Duine Cosúil Liomsa

COMÓRTAS EALAÍNE

Duaiseanna iontacha suas go dtí
luach **€1,000** le buachan do do scoil!*

Duaiseanna le bronnadh ar:

- * 1 Bhuaitheoir Sóisearach in aghaidh an Chontae
- * 1 Bhuaitheoir Sinsearach in aghaidh an Chontae
- * 1 Bhuaitheoir Náisiúnta Foriomlán

Féach ar ár láithreán gréasáin

www.SomeoneLikeMeCompetition.ie

chun tuilleadh faisnéise a fháil agus chun
teacht ar acmhainní ár bpleananna ceachta

SPRIOCDHÁTA
LE HAGHAIDH
IONTRÁLACHA

18
Samhain
2022

NDA
Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Tá Téarmaí agus Coinníollacha i bhfeidhm.
Féacht www.SomeoneLikeMeCompetition.ie | someonelikeme@realnation.ie
Real Nation, 24 Cé Áránn, Baile Átha Cliath 7, D07 W620

**Comórtas –
Iontráil Luath!**

Cuir d'iontráil faoin 28
Deireadh Fómhair le go
mbeidh seans agat Beart
Cúraim Chruthaithigh ó
Recreate. Roinn d'iontráil ar
líne le #SomeoneLikeMe le
seans breise a fháil le baint!

Duine Cosúil Liomsa: Plean Ceachta Sóisearach

Naíonáin Shóisearacha go Rang a Dó

Réamhrá:

Tomhais cé atá ann!

Iarr ar na daltaí, ar a seal, cur síos a dhéanamh ar dhuine dá gcairde sa rang. Déanann na daltaí eile a thomhas cé air a bhfuil sé/sí ag caint.

Plé Ranga

Tar éis an chluiche, déan plé ranga faoi chairdeas a dhéanamh agus faoi chaidreamh a dhéanamh le daoine eile - conas a chuirimid aithne ar dhaoine eile; cosúlachtaí eadrainn a aithint; meas a bheith againn ar dhifríochtaí idir a chéile. Agus plé á dhéanamh sa rang, aithin an chaoi ar úsáid daltaí rudaí éagsúla chun cur síos ar dhaoine, rud a léiríonn go bhfuilimid ar fad éagsúil agus uathúil

Smaointe don Phríomhchuid de do Cheacht:

- * Cuir mála pónairí timpeall an ranga, ag iarraidh ar dhaltaí, nuair a fhaigheann siad an mála pónairí, plé a dhéanamh ar a gcuid eolais/taithí ar mhíchumas m.sh. míchumas fisiciúil; míchumas céadfach amhail bodhaire agus daille; agus míchumas de réir mar a éiríonn daoine níos sine m.sh. áiseanna éisteachta agus siúlóirí a úsáid*. Tar éis an chleachtadh seo, mínigh go bhféadfadh sé tarlú nach bhfeicimid na míchumais a bhíonn ar dhaoine mar ní léir míchumais áirithe.
- * Obair ghrúpa - Tarraing long ar an gclár (féach an íomhá). Mínigh gur long speisialta í sin - 'Friend-Ship' nó long cairdis a ionchuimsíonn gach duine atá ar bord. Tabhair leathanach do gach grúpa agus iarr orthu pictiúr a tharraingt/scríobh faoi conas is féidir linn daoine eile (duine faoi mhíchumas nó gan mhíchumais) a áireamh inár ngníomhaíochtaí.
- * Tosaigh plé ranga i dtaca le rudaí a d'fhéadfadh a bheith beagáinín deacair ag daltaí. Mínigh do na daltaí go mbíonn dúshlán roimh gach duine ach, in amanna, go mbíonn dúshlán níos mó ag daoine áirithe agus go mbíonn rudaí ann nach féidir le daoine a dhéanamh go díreach. Déan ransú intinne leis na daltaí ar rudaí nach féidir leo a dhéanamh, m.sh. eitilt nó carr

Roghnaigh: bileog ghníomhaíochta ar líne ar fáil ó www.someonelikemecompetition.ie

Iomlánach:

Tá sé tábhachtach a bheith ionchuimsitheach measúil cineálta. Cén chaoi ar féidir linn é sin a dhéanamh? Cén chaoi ar féidir linn é sin a léiriú i saothar ealaíne? Mínigh do na daltaí go bhfuil siad chun píosa ealaíne a chruthú bunaithe ar a bhfuil foghlamtha acu, leis an teideal 'Duine Cosúil Liomsa' Is féidir leis na daltaí cinneadh a dhéanamh más mian leo iontráil ranga, iontráil scoile nó iontráil aonair a chruthú. Tabhair roinnt ama ina dhiaidh sin do dhaltaí freagairt agus léirmheas dearfach a thabhairt ar obair a chéile.

Cad é a léiríonn gur duine ar leith mé?

Iarr ar dhaltaí smaoineamh ar 3-5 tréithe a bhaineann leo féin amháin. Ansin, iarr orthu iad sin a roinnt ina ngrúpaí. Ina dhiaidh sin, iarr ar dhaltaí a lámh a chur suas má dúirt siad go raibh dúil acu sa cheol, go raibh siad maith ag an ealaín srl. Pléigh an chaoi a mbíonn ábhair spéise agus cumais, cairde, gaolta agus buanna faoi leith againn go léir, ach go mbíonn cosúlachtaí eadrainn freisin.

Cuspóirí:

- * Tuiscint agus meas a bheith againn ar chosúlachtaí agus ar dhifríochtaí i measc daoine
- * Feasacht agus tuiscint na ndaltaí ar mhíchumas a fhorbairt
- * Tuiscint chomhpháirteach a fhorbairt ar conas ba chóir dúinn caitheamh le daoine eile ar bhealach comhbhách, mothálach agus ionchuimsitheach

Naisc Churaclaim:

OSPS – Mise agus daoine eile / Mise agus an domhan mór
Na hAmharcealaíona – Na snáthaonaid go léir
Litearthacht – Forbairt teanga ó bheal

a thiomáint. Gabh céim níos faide agus fiafraigh de dhaltaí faoi rudaí is féidir leo a dhéanamh agus cé acu atá gach duine in ann na rudaí sin a dhéanamh.

- * Déan plé ar na bealaí ar fad ina bhféadfadh an rang a bheith ionchuimsitheach agus ar na fáthanna a bhfuil sé tábhachtach gach duine a bheith san áireamh, go fiú nuair a bhíonn rudaí deacair acu. Cruthaigh póstaer 'Cairdis' leis na bealaí difriúla inar féidir linn daoine a thabhairt isteach a léiriú.
- * Mínigh do na daltaí go mbíonn daoine éagsúil, fiú má bhíonn cuma chosúil orthu uaireanta (deartháireacha, deirfiúracha, nó cúplaí fiú!). B'fhéidir go dtaitníonn rudaí éagsúla leo nó gur fearr leo cineálacha éagsúla bia. Níl aon duine ar domhan díreach mar an gcéanna le duine eile

* I gcás daltaí Rang a hAon agus a Dó, is féidir leat a mhíniú go dtagann daoine ar an saol agus iad faoi mhíchumas uaireanta agus uaireanta eile is féidir le tinneas tromchúiseach nó timpiste thromchúiseach a bheith ina chúis le míchumas.

Is féidir leat an teachtaireacht 'Duine Cosúil Liomsa' a chomhroinnt trí thaispeántas scoile, trí thaispeántas ealaíne, nó ar shuíomh gréasáin na scoile!

Le cur isteach air:

Cuir isteach d'iontráil leis na sonraí seo a leanas ar a cúl nó ceangailte léi:

1. Cuir isteach d'iontráil chomh maith le d'fhoirm iontrála chomhlánaithe chuig Oifig Thionscadail Duine Cosúil Liomsa ag Real Nation, Cé Áran, Baile Átha Cliath 7, D07 W620.
2. Cur síos gairid ina mínítear na smaointe agus an spreagadh taobh thiar de shaothar do chuid daltaí (lín na bhfocal ar leibhéal sóisearach: suas le 100 focal). Cuir í seo isteach chomh maith le d'fhoirm iontrála.

i gcás saothair mhóra nó saothair 3T, is féidir grianghraif a ghlacadh agus iad sin a sheoladh isteach in éineacht le do shonraí

Bí Cruthaitheach!

Is féidir leat rud a tharraingt, a phéinteáil, a chló, úsáid a bhaint as cré, struchtúr 3T a dhéanamh, úsáid a bhaint as fabraic nó más mian leat bheith an-chruthaitheach is féidir leat meáin mheasctha a úsáid.